



2025/1839

2.10.2025

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 147/2025

an 13 Meitheamh 2025

lena leasaítear Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE [2025/1839]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1768 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2023 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le deimhniúcháin agus dearbhú córas bainistíochta aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus comhdhamhnaí bainistíochta aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1769 ón gCoimisiún an 12 Meán Fómhair 2023 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin um fhormheas eagraíochtaí a bhfuil baint acu le dearadh nó le táirgeadh na gcóras bainistíochta aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus a gcomhdhamhnaí san Aerspás Eorpach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/203 ⁽²⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (3) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1772 ón gCoimisiún an 12 Meán Fómhair 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 a mhéid a bhaineann leis na rialacha oibriúcháin a bhaineann le húsáid na gcóras Bainistithe Aerthráchta agus Seirbhísí Aerloingseoireachta agus a gcomhdhamhnaí san Aerspás Eorpach Aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1033/2006 ⁽³⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1772 aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1033/2006 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾, ar rialachán é atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE.
- (5) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE mar a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 66wk (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún):

— **32023 R 1772:** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1772 ón gCoimisiún an 12 Meán Fómhair 2023 (IO L 228, 15.9.2023, lch. 73).'
2. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 66zbh (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/203 ón gCoimisiún):
'arna leasú le:

— **32023 R 1769:** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1769 ón gCoimisiún an 12 Meán Fómhair 2023 (IO L 228, 15.9.2023, lch. 19).'

⁽¹⁾ IO L 228, 15.9.2023, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 228, 15.9.2023, lch. 19.

⁽³⁾ IO L 228, 15.9.2023, lch. 73.

⁽⁴⁾ IO L 186, 7.7.2006, lch. 46.

3. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 66zbh (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/203 ón gCoimisiún):
- ‘66zbi. **32023 R 1768**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1768 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2023 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le deimhniúchán agus dearbhú córas bainistíochta aerthrachta/seirbhísí aerloingseoireachta agus comhdhamhnaí bainistíochta aerthrachta/seirbhísí aerloingseoireachta (IO L 228, 15.9.2023, lch. 1).
- 66zbj. **32023 R 1769**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1769 ón gCoimisiún an 12 Meán Fómhair 2023 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin um fhorbairt eagraíochtaí a bhfuil baint acu le dearadh nó le táirgeadh na gcóras bainistíochta aerthrachta/seirbhísí aerloingseoireachta agus a gcomhdhamhnaí agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/203 (IO L 228, 15.9.2023, lch. 19).’
4. Scriostar téacs phointe 66wc (Rialachán (CE) Uimh. 1033/2006 ón gCoimisiún).

Airteagal 2

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1768 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1769 agus (AE) 2023/1772 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 14 Meitheamh 2025, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*), nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 146/2025 ó Chomhchoiste LEE an 13 Meitheamh 2025 ⁽³⁾, cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Meitheamh 2025.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE

An tUachtarán

Nicolas VON LINGEN

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

(³) IO L, 2025/1840, 2.10.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1840/oj>.